Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022
(OR. en)

9954/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0145 (NLE)**

**ENFOPOL 332**
**CT 107**
**RELEX 776**
**JAI 858**
**NZ 5**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais,
idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile,
maidir le malartú sonraí pearsanta idir
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí
(Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá
inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2), Airteagal 88 agus Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], déantar foráil gur féidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír, *inter alia,* ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(2) An 13 Bealtaine 2020, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn chun teacht ar chomhaontú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil as coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(3) Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú chun críche go rathúil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (‘an Comhaontú’) agus ina dhiaidh sin rinneadh téacs an Chomhaontaithe ar cuireadh inisealacha leis a mhalartú, agus fuarthas é sin an 3 Nollaig 2021.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

(4) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina n-iomláine cearta bunúsacha an Aontais, go háirithe an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ar ceart iad a aithnítear in Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[1], faoi seach.

(5) Ní dhéanann an Comhaontú difear d'aistriú sonraí pearsanta nó cineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus tá sé gan dochar don aistriú sin.

(6) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(7) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(8) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí Tuairim 11/2022 uaidh an 10 Meitheamh 2022.

(9) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar síniú thar ceann an Aontais an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú') a údarú, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.[1+]

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

---

**1** Foilseofar téacs and Chomhaontuithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích

+ Toscaireachtaí/IO: féach doic ST 9269/22 INIT.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*